An Comhlacht Athbhreithnithe Ardtuarastal san Earnáil Phoiblí

Buanchomhlacht atá sa Chomhlacht Athbhreithnithe Ardtuarastal san Earnáil Phoiblí agus is í an phríomhfheidhm atá aige ná comhairle a thabhairt don Rialtas i dtaobh na leibhéal ginearálta luach saothair is iomchuí do phoist arda áirithe san earnáil phoiblí.

Tá iarrtha ar an gComhlacht Athbhreithnithe ag an Rialtas athbhreithniú ginearálta a dhéanamh ar leibhéil luach saothair na bpost a thagann faoina théarmaí tagartha agus tuarascáil a sholáthar i dtaca leo sa dara leath de 2007. Is iad seo a leanas na grúpaí a ndéanfar an t-athbhreithniú ginearálta orthu:

(1) comhaltaí an Rialtais, Airí Stáit, an tArd-Aighne, Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach Dháil Éireann agus Sheanad Éireann agus Treoraí Sheanad Éireann;

(2) na Breithiúna;

(3) státseirbhísigh nach dtagann faoi scéim idir-réitigh agus eadrána na státseirbhíse;

(4) gráid shinsearacha bhainistíochta sna húdaráis áitiúla agus i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nach gcuimsíonn próiseas Chomhlacht Slat Tomhais na Seirbhíse Poiblí;

(5) céimeanna Coimisinéara, Leas-Choimisinéara agus Coimisinéara Cúnta sa Gharda Síochána;

(6) Ceann Foirne (Leifteanant-Ghinearál), Maor-Ghinearál agus Briogáidire-Ghinearál/Comadóir sna Fórsaí Cosanta;

(7) an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste;

(8) príomhfheidhmeannaigh chomhlachtaí stát-urraithe neamhthráchála (tá liosta de na poist ar leith a ndéanfar athbhreithniú orthu ar fáil ó Oifig an Chomhlacht Athbhreithnithe nó ó shuíomh gréasáin an Chomhlacht Athbhreithnithe*);

(9) Comhairleoirí Ospidéil;

(10) Stiúrthóirí Sláinte an Phobail;

(11) Speisialtóirí ar Shláinte an Phobail;

(12) Speisialtóirí ar Ortadéadliacht;

(13) Dochtúirí Príosúin;

(14) Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, Leas-Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí agus an Príomh-Aturnae Ionchúiseamh;

(15) Cláraitheoirí Contaetha;

(16) Leas-Chathaoirleach agus gnáthchomhaltaí an bhoird sa Bhord Pleanála;

(17) comhaltaí de na Coimisiúin seo a leanas:

- An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
- An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
- An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
- An Coimisiún um Ombudsman an Gharda Síochána

(18) na poist seo a leanas i bhforais oideachais tríú leibhéal:

- Cinn, Cláraitheoirí, Rúnaithe agus Sparánaithe ollscoileanna
- Stiúrthóirí Institiúidí Teicneolaíochta
- Uachtarán agus Stiúrthóirí Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Cinn Choláistí Oideachais agus an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha

Iarrtar ar dhaoine nó ar eagraíochtaí ar mian leo aighneacht a chur chuig an gComhlacht Athbhreithnithe i dtaca leis an athbhreithniú seo a leithéid a dhéanamh i scríbhinn faoi 10 Márta 2006.

Tá treoirlínte d'aighneachtaí scríofa maidir leis an athbhreithniú seo leagtha amach ag an gComhlacht Athbhreithnithe. Tá cóip de na treoirlínte ar fáil ó Oifig an Chomhlacht Athbhreithnithe nó ó shuíomh gréasáin an Chomhlacht Athbhreithnithe*. Ba chóir aighneachtaí a leagan amach de réir na dtreoirlínte sin.

Breandán Ó Dufaigh, Rúnaí,
An Comhlacht Athbhreithnithe Ardtuarastal san Earnáil Phoiblí,
7ú hUrlár, Teach Lansdúin, Bóthar Lansdúin, Baile Átha Cliath 4.

Teileafón: (01) 6682473 / 6682488
Facs: (01) 6682456
R-phost: info@reviewbody.gov.ie

*** Suíomh Gréasáin: www.reviewbody.gov.ie**